II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1389 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Lúnasa 2022

lena leasaítear agus lena gceartaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a mhéid a bhaineann le liostaí na dtríú tíortha nó na réigiúin díobh óna n-údaraítear do tháirgí iascaigh a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a rinneadh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe Airteagal 127(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is éard a leagtar amach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 ón gCoimisiún ([2]) na ceanglais i ndáil le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe agus earraí áirithe a bheartaítear don duine lena gcaitheamh a theacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais is infheidhme a bhunaítear sna rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (a) de Rialachán (AE) 2017/625 maidir le sábháilteacht bia nó ceanglais a aithnítear a bheith coibhéiseach leo ar a laghad. Go háirithe, tá teacht isteach na n-earraí agus na n-ainmhithe sin san Aontas faoi réir an cheanglais go dtagann siad ó thríú tír nó ó réigiún den tír sin atá mar chuid de liosta i gcomhréir le hAirteagal 126(2), pointe (a) de Rialachán (AE) 2017/625.

(2) Is éard a leagtar síos le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún ([3]) na liostaí de thríú tíortha agus na réigiúin sna tíortha sin óna gceadaítear ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear don duine lena gcaitheamh a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 126(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/625. Leagtar amach le hIarscríbhinn IX den Rialachán Cur Chun Feidhme sin liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí táirgí iascaigh áirithe a theacht isteach san Aontas, lena n-áirítear táirgí ón dobharshaothrú.

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 ón gCoimisiún an 4 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais i ndáil le coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear don duine lena gcaitheamh a theacht isteach san Aontas (IO L 131, 17.5.2019, lch. 18).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 118).

(3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/... ([4]) formheasadh na pleananna faireacháin iarmhar do na táirgí iascaigh uile i gcatagóir "dobharshaothrú" na Banglaidéise, na Brasaíle, na Colóime, Chósta Ríce, Eacuadór, Hondúras, na hIndia, na hIndinéise, na Malaeisia, Mheicsiceo, Mhaenmar/Burma, Phanama, Pheiriú, na nOileán Filipíneach, na hAraibe Sádaí, na Cóiré Theas, Shrí Lanca, na Téaváine, na Téalainne, agus Vítneam agus áiríodh na tríú tíortha sin san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún ([5]). Dá bhrí sin, is iomchuí Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a leasú chun an formheas sin a léiriú le haghaidh gach táirge iascaigh sa chatagóir "dobharshaothrú". Cuireadh na tríú tíortha sin ar an eolas dá réir.

(4) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/... formheasadh an plean faireacháin iarmhar le haghaidh táirgí éisc eite i gcatagóir "dobharshaothrú" Mharacó, agus áiríodh an tríú tír sin san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/163/AE le nóta lena dteorannaítear an formheas do tháirgí éisc eite. Dá bhrí sin, is iomchuí Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a leasú chun an formheas sin atá teoranta do tháirgí iascaigh sa chatagóir "dobharshaothrú" a léiriú. Cuireadh an tríú tír sin ar an eolas

(5) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/..., cuireadh eochraí le caibheár agus crústaigh i gcatagóir na dtáirgí dobharshaothraithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/163/AE le nóta lena dteorannaítear an formheas chuig eochraí agus caibheár agus crústaigh. Dá bhrí sin, is iomchuí Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a leasú chun an formheas sin atá teoranta d'eochraí agus caibheár agus crústaigh sa chatagóir "dobharshaothrú" a léiriú. Cuireadh an Iaráin ar an eolas dá réir.

(6) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/..., tarraingíodh siar formheas an phlean faireacháin iarmhar do tháirgí éisc eití sa chatagóir "dobharshaothrú" Uganda, ós rud é nár chuir Uganda plean faireacháin iarmhar isteach le haghaidh na dtáirgí sin. Dá bhrí sin, ba cheart Uganda a bhaint den liosta de thríú tíortha nó de réigiúin sna tíortha sin a údaraítear chun coinsíneachtaí de tháirgí iascaigh áirithe a theacht isteach san Aontas, rud a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405, seachas gabháil fhiáin, rud nach gceanglaítear plean faireacháin iarmhar ina leith. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a leasú dá réir. Cuireadh Uganda ar an eolas dá réir.

(7) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/363 ón gCoimisiún ([6]) leasaíodh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405, agus liostaíodh go hearráideach Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 le haghaidh táirgí dobharshaothraithe, cé nár sholáthair an tríú tír sin plean faireacháin iarmhar le haghaidh táirgí dobharshaothraithe. Is iomchuí, dá bhrí sin, an iontráil le haghaidh Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ar liosta na dtríú tíortha nó na réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí de tháirgí iascaigh áirithe a theacht isteach san Aontas, a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405, chun a léiriú nach mbaineann an formheas ach le gabháil fhiáin amháin. Cuireadh Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ar an eolas dá réir sin.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a leasú agus a cheartú dá réir.

(9) Chun suaitíl trádála a íoslaghdú agus chun deimhneacht dhlíthiúil agus comhsheasmhacht le Cinneadh 2011/163/AE a áirithiú, is díol práinne atá i dteacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/... ón gCoimisiún an 9 Lúnasa 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/163/AE maidir le formheas pleananna arna gcur isteach ag tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (féach leathanach ... den Iris Oifigiúil).

([5]) Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 maidir le formheas pleananna a chuireann tríú tíortha isteach i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 70, 17.3.2011, lch. 40).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/363 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2022 lena leasaítear agus lena cheartaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a mhéid a bhaineann le liostaí na dtríú tíortha nó na réigiúin díobh óna n-údaraítear do tháirgí iascaigh a theacht isteach san Aontas (IO L 69, 4.3.2022, lch. 40).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear agus ceartaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Lúnasa 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

1. Leasaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/405 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an mBanglaidéis:

"BD	An Bhanglaidéis ([1])";	

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an mBrasaíl:

"BR	An Bhrasaíl ([1])";	

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an gColóim:

"CO	an Cholóim([1])";	

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le Cósta Ríce:

"CR	Cósta Ríce ([1])";	

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le hEacuadór:

"EC	Eacuadór ([1])";	

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le Hondúras:

"HN	Hondúras ([1])";	

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Indinéis:

"ID	An Indinéis ([1])";	

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an India:

"IN	An India ([1])";	

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Iaráin:

"IR	An Iaráin	Dobharshaothrú: eochraí agus caibheár agus crústaigh amháin";

(j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an gCoiré Theas:

"KR	An Chóiré Theas ([1])";	

(k) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le Srí Lanca:

"LK	Srí Lanca ([1])";	

(l) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le Maracó:

“MA	Maracó	Dobharshaothrú: iasc eite amháin”;

(m) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le Maenmar/Burma:

“MM	Maenmar/Burma ([1])”;	

(n) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le Meicsiceo:

“MX	Meicsiceo ([1])”;	

(o) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Malaeisia:

“MY	An Mhalaeisia ([1])”;	

(p) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le Panama:

“PA	Panama ([1])”;	

(q) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le Peiriú:

“PE	Peiriú ([1])”;	

(r) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis na hOileáin Fhilipíneacha:

“PH	Na hOileáin Fhilipíneacha ([1])”;	

(s) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Araib Shádach:

“SA	An Araib Shádach ([1])”;	

(t) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Téalainn:

“TH	An Téalainn ([1])”;	

(u) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Téaváin:

“TW	An Téaváin ([1])”;	

(v) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le hUganda:

“UG	Uganda	Gabháil fhiáin amháin”;

(w) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le Vítneam:

"VN	Vítneam ([1])";	

([1]) Is féidir leis na tríú tíortha seo nó réigiúin sna tíortha sin gach táirge iascaigh a onnmhairiú (iasc eite, táirgí éisc eite agus crústaigh)

(2) Ceartaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 i leith na hiontrála a bhaineann le hAontas na nÉimíríochtaí Arabacha, a gcuirtear an méid seo a leanas ina hionad:

"AE	Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha	Gabháil fhiáin amháin".